



25/10/2018

Gaelscoil Thaobh na Coille

Ní Neart go Cur le Chéile



Comhgháirdeachas le Foireann Peile na gCailíní

Imríodh an craobh peile i bPáirc an Chrócaigh ar an Luan 22 Deireadh Fómhair i gcoinne Scoil Maelruain, Tamhlacht. Bhí muintir Thamhlachta chun tosaigh 0.03 v 0.01 ag leath ama ach ní raibh cailíní Ghaelscoil Thaobh na Coille sásta géilleadh dóibh agus bhuamar an dara leath 2.04 v 1.03. Bhí corn Roinn 2 Cumann na mBunscol buaite acu (2.05 v 1.06) agus bhí lucht tacaíochta na scoile - a bhí déanta suas de dhaltáí Rang a 3 go Rang a 6 agus tuismitheoirí na gcailíní - ag screadaíl ar bharr a ngutha nuair a bronnadh Corn Comhar Linn ar Chaptaen agus ar Leas-Chaptaen na scoile, Ruth Ní Aoláin agus Sadhbh Ní Bhroin.

Míle buíochas leis an Múinteoir Priestley & leis an Múinteoir Ó Dubhthaigh a rinne bainistíocht ar an bhfoireann agus le Thurlough Ó Meachair (Daidí Aoibheann) agus Ruth Ní Scannail (Mamaí Kate) as ucht an traenáil a rinne siad leis an bhfoireann le dhá mhí anuas.

The girls football team played Scoile Maelruain, Tallaght in the Cumann na mBunscol final in Croke Park on Monday 22nd October. Their Tallaght opponents were full value for their 0.03 v 0.01 interval lead but our girls upped their efforts to overcome their rivals outscoring them 2.04 v 1.03 in the second half to record a two point victory (2.05 v 1.06). Gaelscoil Thaobh na Coille won the Division 2 title and their supporters – made up mainly of pupils from Rang a 3-6 and parents of the girls – were in full voice as team Captain, Ruth Ní Aoláin and Vice-Captain, Sadhbh Ní Bhroin proudly accepted the cup on behalf of the school.

Many thanks to An Múinteoir Priestley and An Múinteoir Ó Dubhthaigh who managed the team on the day of the final and to Turlough Ó Meachair (Daidí Aoibheann) agus Ruth Uí Scannail (Mamaí Kate) for the training they did with the panel over the past couple of months.

Seó na Naíonáin

Naíonáin shóisearacha (N1A, N1B, N1C) ag déanamh cur i láthair beag dá dtuismitheoirí de na rannta agus na hamhráin atá á fhoghlaim acu ar scoil ar an **DÉARDAOIN** an **25 Deireadh Fómhair** ag 1pm. Tea/caifé sa halla óna 12.30pm



Junior Infant Recital

Our Junior Infants (N1A, N1B, N1C) will put on a small performance for their parents, of the poems and the songs they are learning at school on **THURSDAY** the **25th of October** at 1pm. Tea/Coffee will be served in the halla from 12.30pm

Bailiúchán Éadaí Caite

Bailiúchán d'éadaí, bróga, criosanna, málaí láimhe agus bréagáin bhog nach bhfuil ag teastáil a thuille. 24 - 26 Deireadh Fómhair & 5 - 8 Samhain: Sa Tigin sa chlós sinsearach: 8.50am, 1.20pm & 2.20pm



Old Clothes Collection

Collection of unwanted clothes, shoes, belts, handbags, stuffed toys and textiles. 24 - 26 October & 5 - 8 November. The Tigin in the senior yard: 8.50am, 1.20pm & 2:20pm

Lá na nGeansaithe 2018

Buíochas le gach duine a thacaigh le lá na nGeansaithe ar an Aoine 12 Deireadh Fómhair.. Bailíodh **€883** do Goal ar an lá.

Tá GOAL ag bailiú airgid i mbliana do mhuintir Siria, an tSúdáin Theas agus na Maláive. Níl deireadh leis an gcogadh i Siria agus tá cabhair dhaonnúil níos tábhachtaí san lá atá inniu ann ná mar a bhí riamh. Tá GOAL tar éis tacú le 14,000 teaghlach trí shábháilteacht bhia agus idirghabháil shlí bheatha sa tSúdáin Theas. Beidh béim ar oideachas sláinte sa Mhaláiv freisin.



Thanks to everyone who supported Goal Jersey day on Friday 12 October. **€883** was raised for Goal on the day.

GOAL Jersey Day 2018

GOAL is collecting money for the people of Syria, South Sudan and Malawi. The conflict in Syria continues to rage and humanitarian aid is more important than ever. Meanwhile in South Sudan over the past year, GOAL have supported 14,000 households with food security and livelihoods interventions in South Sudan, while in Malawi, GOAL is concentrating on providing health education.

Aonach Leabhar

D'éirigh thar barr le Aonach na Leabhar agus bhain na páistí an-sult as. Bhí sé go hiontach páistí a fheiceáil ag léamh agus ag plé leabhair lena chéile. Táimid thar a bheith buíoch do gach duine a chabhraigh linn sa halla agus do na páistí agus tuismitheoirí a thug tacaíocht don Aonach.

D'éirigh linn luach €3865.95 leabhar a dhíol agus tá breis is 200 leabhar nua faighte againn do na leabharlanna ranga dá bharr. Beidh Aonach Leabhar againn arís i 2019.



Book Fair

The Book Fair was a great success and it was fantastic to see the children enjoying books, reading together and discussing books with each other. We are so grateful to all the parents who helped in the hall and those who supported the Aonach.

We sold €3865.95 worth of books and as a result we have received more than 200 books for our class libraries. Looking forward to Aonach na Leabhar in 2019!

Gléasadh na Samhna

Beidh cead ag na páistí teacht isteach ar scoil i bhfeistis bréigeide ar an Aoine an 26 Deireadh Fómhair.

Briseadh Meántearma

Scoil dúnta Luan 29 Deireadh Fómhair go Aoine 02 Samhain



Halloween Dress Up

The children may come to school in fancy dress costumes on Friday the 26th of October.

Briseadh Mid-term

School closed Monday 29 October to Friday 02 November

Lá na nDaltaí - Páirc Tayto



D'eagraigh An Foras Patrúnachta **Lá na nDaltaí** do dhaltaí Gaelscoileanna an Fhorais i **Tayto Park** ar an Aoine 28/09/18 mar cheiliúradh 25 bliana ó bunaíodh an patrúnacht. Bhí breis agus 5,000 dalta ó Ghaelscoileanna éagsúla ar fud na tíre i bPáirc Tayto ar an lá. D'fhreastal daltaí Rang a 5 agus Rang a 6 ó Ghaelscoil Thaobh na Coille ag ar an lá mór seo. Ceiliúradh ollmhór ar an nGaeilge a bhí san ócáid seo, deis iontach a bhí inti do na páistí an Ghaeilge a úsáid i suíomh nádúrtha, i measc páistí eile le Gaeilge. Bhí an t-ádh dearg linn ó thaobh na haimsire de agus bhí an-lá go deo ag gach duine.

Lá na nDaltaí - Tayto Park

An Foras Patrúnachta organised 'Lá na nDaltaí' in Tayto Park on Friday the 28/09/18. by way of celebrating 25 years since its foundation. There were up to 5,000 pupils who attend Gaelscoileanna all over the country in attendance on the day. Pupils from 5th and 6th class in Gaelscoil Thaobh na Coille attended. This was a wonderful occasion where the use of 'Gaeilge' as a natural, everyday spoken language was celebrated. We were extremely lucky weather wise on the day. It was an enjoyable, wonderful and exciting day for all



Buaileann Cristina & Martha leis an bPápa Proinsias

Bhí sé de phribhléid agus d'onóir ag Cristina & Martha Nic Eoin bualadh leis an bPápa Proinsias le linn dó cuairt a thabhairt ar Éireann do Chruinniú Domhanda na dTeaghlach ag deireadh mí Lúnasa. Táim cinnte go mairfidh an lá stairiúil seo ina gcumhniú go deo.

Cristina and Martha Nic Eoin were privileged to meet Pope Francis during his visit to Ireland for the World Meeting of Families in late August. I'm sure they will treasure this beautiful photograph for many years to come.



An Pápa Proinsias

Rugadh Jorge Mario Bergoglio i mBuenos Aires, An Airgintín, ar an 17ú Nollaig 1936. Toghadh mar an 266ú Pápa den Eaglais Chaitliceach Rómhánach é i mí an Mhárta 2013, an chéad phápa ó Mhóiróinn Mheiriceá. Thóg an Cairdinéal Bergoglio a theideal mar phápa i ndiaidh Naomh Proinsias Assisi ón Iodáil, leis an ainm An Pápa Proinsias.

Jorge Mario Bergoglio was born in Buenos Aires, Argentina, on 17 December 1936. He was elected the 266th Pope of the Roman Catholic Church in March 2013, the first pope from the American Continent. Cardinal Bergoglio took his papal title after St. Francis of Assisi of Italy, becoming Pope Francis.

Cór Náisiúnta na nÓg

Tá rang a 6 agus 5 ag glacadh páirt i gCór na n-Óg i mbliana. Tagann an ceithre rang le chéile gach Máirt ag 1:30 le cleachtadh ar feadh uair a chloig. Tá 15 amhrán ar fad le foghlaim ag an gCór. Tá tús maith curtha againn leis an gcéad 7 amhrán. 'Starman', amhrán de chuid Davis Bowie, an t-amhrán is fearr le gach duine faoi láthair. Taithníonn 'Crandáí Bogadaí' linn freisin mar go bhfuil rithim dheas inti. Cé go bhfuil an Gloria le Vivaldi dúshlánach go maith mar amhrán agus í canta i dtrí pháirt tá sé ag teacht le chéile dúinn anois. Can you Hear Me?, Precious Lord, Listen to the Rain & 59th Bridge Street Song na hamhráin eile atá tosaithe againn agus tá siadsan an-deas freisin. Tá réimse deas amhrán sa chlár, idir ceol traidisiúnta, clasaiceach agus nua-aoiseach agus táimid ag súil go mór len iad a chanadh do na ranganna eile gan mhoill

Beidh ár gcéad ollchleachtadh againn an tseachtain i ndiaidh an bhreiseadh nuair a thiofadh daltaí R5 & R6 ó Holy Trinity NS, Baile na Lobhar agus Our Lady of the Wayside, Cill Tiarnáin go Gaelscoil Thaobh na Coille don lá leis na hamhráin sin a chleachtadh le chéile. Beidh thart ar 250 dalta ar fad ag an gcleachtadh sin. Beidh an príomhoide ag stiúradh an chóir ar an lá. Beidh ceolchoirm mór againn san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht i Mí Márta

National Children's Choir



R5 & R6 are participating in the National Children's Choir again this year. All 4 classes come together for an hour every Tuesday at 1.30pm. The choir has to learn a repertoire of 15 songs. We have already made a good start on the first 7 songs.

Every ones favourite song so far is 'Starman', a well known song of David Bowies. We also like singing the song 'Crandáí Bogadaí' a traditional Irish song with an easy but lively rithim. We are making good headway with Vivaldi's 'Gloria' which is quite complicated and tricky as it is sung in three parts. The other four songs, Can you Hear Me?, Precious Lord, Listen to the Rain & 59th Street Bridge Song are also very nice and we look forward to singing them for the rest of the school.

We will have our first 'cluster' rehearsal on the first Tuesday back after the mid-term. The 5th and 6th class pupils from Holy Trinity NS, Leopardstown and Our Lady of the Wayside NS, Kilternan will come to Gaelscoil Thaobh na Coille for a days rehearsal. There will be approximately 250 pupils at that rehearsal. The príomhoide will conduct the rehearsal on the day. We will take part in the Dublin Regional Concert in the National Basketball Arena in Tallaght at the end of March.

Naíonáin Shóisearacha 2019

Ofráilfear áiteanna sa scoil i rang naíonáin shóisearacha na bliana seo chugainn (MeánFómhair 2019) ar an Aoine 16 Samhain 2018. Má tá páiste agat go bhfuil sé i gceist agat a thosú 'sna naíonáin an bhliain seo chugainn agus nach bhfuil foirm chláráithe Meán Fómhair 2019 líonta agat dó/di is gá duit teagmháil a dhéanamh leis an Rúnaí láithreach. Beidh próiseail á dhéanamh againn ar na hiarrataisí clárúcháin gan mhoill agus muna bhfuil foirm againn do do pháiste ní féidir linn áit a gheallúint nó a ofráil dó/di nuair atá na háiteanna sa scoil ar fad líonta againn.



2019 Junior Infant Class

School places for next year's junior infant classes (September 2019) will be allocated on the 16th of November 2018. If you have a child at home who is due to start school this coming September but have not filled out a 2019 Enrolment Application Form you should contact the secretary immediately. As we will be processing the applications quite soon it is important that you do so immediately as we cannot guarantee a place in next years class to any sibling for whom we do not have an application form once our places have been allocated.

Boscaí Bróg na Nollag

Beidh muid ag bailiú boscaí bróg arís i mbliana ar son an **Christmas Shoebox Appeal**. Seolfar bileog eolais faoin bhfeachtas abhaile chugaibh an tseachtain seo (féach ag bun na málaí scoile) agus is féidir cuairt a thabhairt www.teamhope.ie le breis eolais a fháil. Más mian libh páirt a ghlacadh ann, seol na boscaí isteach ar scoil i ndiaidh an bhreiseadh & roimh an **Aoine 9 Samhain**.

Christmas Shoebox Appeal

We will be collecting again this year for the Team Hope **Christmas Shoebox Appeal**. An information leaflet will be sent home this week (check bottom of school bag) and you can also visit their website @ www.teamhope.ie for further information. If you wish to participate please return your shoebox to the school after the mid-term break & before **Friday the 9th of November**.

